# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2023

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

DÉARDAOIN, 8 MEITHEAMH MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Ceist 1.** **(50 marc)**

Freagair **ocht gcinn ar bith** acu seo **go hachomair**:



***teicneolaíocht chianrialaithe***

**(a)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag an teicneolaíocht chianrialaithe.

**(b)** Mínigh an téarma *brisce*.

**(c)** Luaigh **dhá** chúis a ndéantar poill phíolótacha nuair a bhíonn druileáil ar siúl.



***scriú ordóige***

**(d)** Luaigh buntáiste **amháin** le scriúnna ordóige a úsáid le linn páirteanna a chóimeáil.

**(e)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag stialltéitheoir nuair a bhítear ag obair le plaistigh.



***uirlis A***

**(f)** Sainaithin uirlis **A** a thaispeántar **agus** luaigh feidhm **amháin** atá aici.

**(g)** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach le cosantóirí cluaise a chaitheamh agus tú ag obair i gceardlann.

**(h)** Mínigh **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Samhaltú DRC (*CAD*), **(ii)** Intleacht shaorga (IS) (*AI*), **(iii)** Feithicil leictreach.

**(i)** Mínigh an téarma *uaschúrsáil*.

**(j)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibriúcháin de **cheann amháin ar bith** díobh seo thíos:



**(i)** Seac siosúir,



**(ii)** Deimheas coise,



**(iii)** Iarann sádrála.

**(k)** Sainmhínigh *seoltóir leictreach* i dtéarmaí airíonna miotal **agus** ainmnigh miotal **amháin** a úsáidtear mar sheoltóir leictreach.

**(l)** Mínigh **ceann amháin** acu seo a leanas:

**(i)** Preabsheamú, **(ii)** Leacú, **(iii)** Poll caoch.

**(m)** Luaigh **dhá** bhuntáiste le sreabháin ghearrtha a úsáid nuair a bhíonn meaisíniú ar siúl.



**Ceist 2.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a bhaineann le foirnéisí:

**(i)** Lansa ocsaigine uiscefhuaraithe, **(ii)** Muciarann, **(iii)** Leictreoidí carbóin, **(iv)** Amhiarann.


**(b)** Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar oibriú ceann **amháin** de na foirnéisí seo thíos:

**(i)** Foirnéis soinneáin, **(ii)** Bunfhoirnéis ocsaigine, **(iii)** Stuafhoirnéis leictreach.

**(c)** Tá tóir ar chairtíní leictreacha le blianta beaga anuas. Iarradh ort cairtín leictreach a mhonarú a bheadh oiriúnach do dhéagóir.

**(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach do **gach** ceann de na páirteanna atá lipéadaithe ar an cairtín leictreach thíos.

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** le **gach** ábhar acu a roghnú.




**(d)** Is minic a dhéantar fonsaí rotha cairr as cóimhiotal.

**(i)** Mínigh an téarma **cóimhiotal**.

**(ii)** Ainmnigh cóimhiotal **amháin agus** ainmnigh na miotail a úsáidtear chun é a dhéanamh.



**Ceist 3.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na nósanna imeachta seo a leanas sa teaschóireáil:

**(i)** Ainéaladh, **(ii)** Screamhchruachan, **(iii)** Múchadh.

**(b)** Déantar cruachan agus faghairt ar sceana cistine le linn déantúsaíochta.



**(i)** Cén tionchar a bhíonn ag cruachan ar chruach?

**(ii)** Déan cur síos ar phróiseas na faghartha.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag obair le miotail theo.



**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na hairíonna miotail seo a leanas:

**(i)** Righneas, **(ii)** Somhúnlaitheacht, **(iii)** Intuargainteacht.

**NÓ**

**(d)** **(i)** Déan cur síos ar **dhá** réimse ina n-úsáidtear teicneolaíocht róbatach sa chúram sláinte.

**(ii)** Luaigh **dhá** shlí ar féidir le culaith eiseachnámharlaigh cabhrú le daoine biseach a fháil.



**Ceist 4.** **(50 marc)**



**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** ghás choitianta a úsáidtear sa ghástáthú.

**(ii)** Ainmnigh **dhá** chineál lasrach a tháirgtear le linn gástáthú.

**(iii)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh le linn gástáthú.

**(b)** Luaigh an fheidhm atá ag **trí cinn ar bith** díobh seo thíos i stuatháthú miotail de láimh:









**(i)** Gléasra táthúcháin, **(ii)** Casúr smiota, **(iii)** Naprún leathair, **(iv)** Coinneálaí leictreoide.



**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Mínigh cén fáth a n-úsáidtear flosc neamhghníomhach nuair a bhíonn ciorcaid leictreacha á sádráil.

**(ii)** Ainmnigh próiseas is féidir a úsáid le miotail leatháin a ghreamú le chéile go buan.

**(iii)** Luaigh cúis **amháin** a bhfuil sé tábhachtach bealadh agus creimeadh a ghlanadh de shiúntaí sula ndéantar iad a shádráil le chéile.

**(iv)** Ainmnigh an uirlis ghearrtha a thaispeántar **agus** luaigh úsáid oiriúnach di.




***uirlis ghearrtha***


**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag obair le greamacháin.

**Ceist 5.** **(50 marc)**


**(a)** **(i)** Ainmnigh na **trí** phróiseas monaraithe plaistigh a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.



**A**



**B**



**C**

**(ii)** Úsáid léaráid lipéadaithe mar chúnamh, agus déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis mhonaraithe a d'ainmnigh tú ag **5(a)(i)** thuas.

**(b)** Maidir le teicneolaíocht plaisteach, déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** díobh seo thíos:

**(i)** Cuimhne leaisteach;

**(ii)** Plaistigh theirmithéachtacha;

**(iii)** Tumbhratú plaisteach;

**(iv)** Teirmeaplaisteach.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na táirgí a thaispeántar thíos agus ainmnigh ábhar plaisteach atá oiriúnach do mhonarú **gach** táirge acu.



**(i)** Carr bréagán,



**(ii)** Giaranna beibhil,



**(iii)** Soicéad leictreachais,



**(iv)** Gabhdán bia.

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag obair le plaistigh theo.

**Ceist 6** **(50 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhpháirteanna de dheil a thaispeántar ag **A**, **B**, **C** agus **D**.



**A**



**B**



**C**



**D**

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas maidir le meaisíniú:

**(i)** Uillinn scóipe, **(ii)** Luas fearsaide, **(iii)** Uillinn sciota, **(iv)** Fotha.

**(c)** Ar dheil a rinneadh an scriú ordóige a thaispeántar thall.

**(i)** Ainmnigh **dhá** phróiseas deileadóireachta a úsáidtear chun scriúnna ordóige a mhonarú.

**(ii)** Déan cur síos ar **cheann amháin** de na próisis atá ainmnithe agat ag **6(c)(i)** thuas.

**(iii)** Ainmnigh **dhá** phíosa de threalamh cosanta pearsanta (*PPE*) ba chóir a chaitheamh nuair a bhíonn deil á hoibriú.



**scriú ordóige**

**NÓ**

**(c)** Modh priontála 3T is ea CNC a bhfuil an-tóir air.

**(i)** Cad dó a seasann CNC?

**(ii)** Sainaithin próiseas CNC **amháin** eile.

**(iii)** Luaigh **dhá** bhuntáiste le meaisíní CNC a úsáid le haghaidh déantúsaíochta.




**Ceist 7.** **(50 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí thíos maidir le teorainneacha agus oiriúintí:

**(i)** Glanoiriúint, **(ii)** Teorainn uachtair, **(iii)** Leathoiriúint.


**(b)** Déantar feiste copair agus seafta cruach a mheaisíniú de réir na dtoisí a thaispeántar thíos.



**Poll: Ø16.0 ± 0.03 mm**

**feiste copair**

**Seafta: Ø16.0 ± 0.05 mm**



**seafta cruach**

Luaigh: **(i)** Uas-trastomhas an **phoill** san fheiste copair.

**(ii)** Trastomhas ainmniúil an **tseafta**.

**(iii)** Íos-trastomhas an **tseafta**.

**(iv)** Lamháltas an **phoill** san fheiste copair.

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar **agus** luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis a ainmnítear.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Freagair **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag solanóideach.



**(ii)** Cén fáth a bhfuil cos fhada amháin agus cos ghearr amháin ar an dé-óid astaithe solais a thaispeántar?



***cos fhada***

***cos ghearr***

**(iii)** Luaigh feidhm na mbandaí datha ar an bhfriotóir fosaithe a thaispeántar.



***bandaí datha***

**Day 1, 2 and 3**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil

(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 1
Day 1


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L1)


1





2




3 2 OFF DE DHÍTH




4





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


5





6





7





8





9 2 OFF DE DHÍTH




10








THALL
OVER →


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL







SECTION A-A



SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


1





2





3 2 OFF DE DHÍTH




4







Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


5





6





7





8





9 2 OFF DE DHÍTH




10





THALL
OVER


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL






SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER →

**Day 1, 2 and 3**

2023. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2023

# Engineering - Practical

(150 marks)

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

## Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2023. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2023. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | U-Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 8 | Clear Polycarbonate | Mark out and shape. |
| 9 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 10 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 1, 2, 4, 5 and 7 have been made prior to examination day.
Using the threaded bar, screws and nuts supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

2023. M74AT

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

## Innealtóireacht - Praiticiúil
(150 marc)

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2023. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | U-Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 8 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 9 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 10 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |

**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 1, 2, 4, 5 agus 7 roimh lá an scrúdaithe.
Agus tú ag baint úsáide as an barra snáithe, na scriúnna agus na cnónna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.


**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**

Lá 3
Day 3


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2023. M74A(L1)


1





2





3 2 OFF DE DHÍTH




4







Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.


Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:
Write your Examination Number in this box:


5





6





7





8




9 2 OFF DE DHÍTH





10





THALL
OVER


SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL






SECTION A-A




ASSEMBLY DETAILS
SONRAÍ CÓIMEÁLA

THALL
OVER